2026/2618

23.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2618 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2026

maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine trí sholáthar comhpháirteach trealaimh mhíleata nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána (SES) chun go maoineodh na Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú amhail gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) An 18 Márta 2024, le Cinneadh (CBES) 2024/890 ón gComhairle ([2]) ar bhonn togra ó Ardionadaí an Aontais don Bheartas Eachtrach agus Slándála le haghaidh Ciste Cúnaimh don Úcráin, leasaigh an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/509 chun EUR 5 000 000 000 a chur le huasteorainn fhoriomlán airgeadais SES in 2024 i bpraghsanna reatha, méid atá tiomnaithe go sonrach don Úcráin agus arb é is aidhm dó tacaíocht mhíleata inbhuanaithe intuartha don Úcráin a áirithiú. Ba cheart tacaíocht mhíleata don Úcráin faoin méid tiomnaithe sin a bheith á stiúradh i gcónaí ag riachtanais Fhórsaí Armtha na hÚcráine (AFU), de réir mar a bheidh siad ag teacht chun cinn, ag féachaint le breisluach an Aontais a uasmhéadú agus iarrachtaí déthaobhacha a chomhlánú, agus ba cheart í a chur in iúl trí chur chuige níos struchtúrtha, níos éifeachtúla agus níos pragmataí, lena mbaintear úsáid as soláthar comhpháirteach méadaithe ó thionscal cosanta an Aontais, ón Iorua agus ón Úcráin.

(3) Agus an soláthar comhpháirteach méadaithe á dhéanamh leis an méid tiomnaithe chun freastal ar riachtanais na hÚcráine, ba cheart leas a bhaint as struchtúir soláthair náisiúnta dea-fheidhmiúla agus as creatchonarthaí atá ann cheana. Ós rud é gurb iad tionscal cosanta an Aontais, an Iorua, agus an Úcráin, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, a dhéanfaidh soláthar comhpháirteach an trealaimh cosanta atá de dhíth, ba cheart solúbthacht a bheith ann i slabhraí soláthair, lena bhféadfaí oibreoirí a áireamh atá bunaithe lasmuigh den Aontas, den Iorua agus den Úcráin, nó a ndéantar a dtáirgeadh lasmuigh den Aontas, den Iorua agus den Úcráin, agus a áirithiú go gcuirfear leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát san áireamh go cuí gan aon oibleagáid tuairiscithe nua a chruthú.

(4) Faoin mbeart cúnaimh seo, ba cheart tionscnaimh lena dtugtar comhpháirtithe thionscal cosanta na hEorpa agus na hÚcráine le chéile, lena n-áirítear trí chomhfhiontair, a chur chun cinn, agus leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát á gcur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, agus chun críocha an bhirt cúnaimh sin, tagróidh soláthar comhpháirteach do chonarthaí arna socrú agus orduithe arna ndéanamh ag dhá Bhallstát ar a laghad agus cur chuige an náisiúin ceannais á úsáid, nó ag Ballstát amháin, ar a laghad, agus an Úcráin, nó trí sholáthar arna dhéanamh ag Ballstát amháin a mbeidh an tionscal cosanta de chuid Ballstáit amháin, ar a laghad, agus tionscal cosanta na hÚcráine páirteach ann, nó trí sholáthar arna dhéanamh ag an Úcráin arna mhaoiniú ag Ballstát amháin ar a laghad. Ba cheart a bheith in ann tionscadail ghaolmhara de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint a áireamh sa soláthar comhpháirteach freisin.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/509/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/890 ón gComhairle an 18 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/509 lena mbunaítear Saoráid Eorpach Síochána (IO L, 2024/890, 19.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/890/oj).

(5) Tá an beart cúnaimh sin faoi stiúir ag riachtanais tosaíochta AFU, lena gcuirtear san áireamh na ceanglais tosaíochta mar a chuir Misean na hÚcráine in iúl don Aontas trí Chill Tí Imréitigh Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, an 7 Deireadh Fómhair 2026, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála iarraidh ón Úcráin ar chúnamh arna thabhairt ag an Aontas d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine i ndáil le príomhthrealamh sna catagóirí seo a leanas: dróin, trealamh aerchosanta, armlón, trealamh cogaíochta leictreonaí, trealamh radair agus pléascáin.

(6) Tá an bearta cúnaimh seo le cur chun feidhme agus na prionsabail agus na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509 á gcur san áireamh, go háirithe comhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([3]), agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme, mura sonraítear a mhalairt sa Chinneadh seo. I gcomhréir le hAirteagal 26(7) de Chinneadh (CBES) 2021/509, is iomchuí don Chomhairle maoiniú an bhirt cúnaimh sin, trí ranníocaíochtaí breise ar mó iad ná 50 % dá mhéid tagartha, a údarú.

(7) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré

1. Bunaítear leis seo beart cúnaimh a théann chun tairbhe na hÚcráine ('an tairbhí'), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) ('an beart cúnaimh').

2. Is iad cuspóirí an bhirt cúnaimh:

(a) rannchuidiú le cumais agus athléimneacht Fhórsaí Armtha na hÚcráine a neartú chun neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a chosaint; agus

(b) an pobal sibhialtach a chosaint ar an bhfogha míleata atá ar siúl faoi láthair, trí sholáthar trealaimh mhíleata nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, ar trealamh é arna sholáthar go comhpháirteach ar an mbealach is tapúla is féidir.

3. Chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh soláthar na gcineálacha trealaimh mhíleata seo a leanas nach gceaptar chun fórsa marfach a sheachadadh:

(a) dróin;

(b) trealamh aerchosanta;

(c) trealamh cogaíochta leictreonaí;

(d) trealamh radair.

Maoineofar leis an mbeart cúnaimh freisin costais ghaolmhara oiliúna agus iompair.

([3]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99, ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

4. De mhaolú ar Airteagal 50 agus 50a de Leabhar 3 de na rialacha maidir le cur chun feidhme ioncaim agus caiteachas arna maoiniú faoi SES ('na 'Rialacha Cur Chun Feidhme'), déanfar an trealamh míleata dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo a sholáthar go comhpháirteach ó oibreoirí eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, atá bunaithe san Aontas, san Iorua nó san Úcráin, agus is de thionscnamh an Aontais, na hIorua nó na hÚcráine a bheidh an trealamh míleata sin. Beidh feidhm ag na rialacha maidir le héadáil tionscnaimh a leagtar síos in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Measfar trealamh míleata a bheith incháilithe freisin más san Aontas, san Iorua nó san Úcráin a tharla céim thábhachtach den mhonarú, is é sin céim ina gcuimsítear an chóimeáil deiridh. Féadfar oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe lasmuigh den Aontas, den Iorua, nó den Úcráin, nó a bhfuil a dtáirgeadh lasmuigh díobh sin, a áireamh i slabhraí soláthair na n-oibreoirí sin. Cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát san áireamh i ndáil leis sin.

5. Na soláthairtí comhpháirteacha a dhéanfar faoin mbeart cúnaimh, is iad na heintitis a liostaítear in Airteagal 4(2) a dhéanfaidh iad trí sholáthar comhpháirteach arna dhéanamh ag dhá Bhallstát ar a laghad, nó ag Ballstát amháin ar a laghad agus an Úcráin, nó trí sholáthar arna dhéanamh ag Ballstát amháin a mbeidh an tionscal cosanta de chuid Ballstáit amháin, ar a laghad, agus tionscal cosanta na hÚcráine páirteach ann, nó trí sholáthar arna dhéanamh ag an Úcráin arna mhaoiniú ag Ballstát amháin ar a laghad. Sa trí chás dheireanacha sin, ceadófar d'oibreoirí eacnamaíocha, atá bunaithe nó a tháirgeann trealamh san Úcráin, páirt a ghlacadh sa soláthar comhpháirteach, ach amháin i gcás ina bhfuil níos mó ná 50 % de na hoibreoirí eacnamaíocha sin faoi úinéireacht tríú tír nó eintiteas de chuid tríú tír, rud a dhéanann difear do leasanna slándála agus cosanta na mBallstát. Féadfar oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe lasmuigh den Úcráin, nó a bhfuil a dtáirgeadh lasmuigh di, a áireamh i slabhraí soláthair na n-oibreoirí eacnamaíocha sin. Cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát san áireamh i ndáil leis sin. Féadfar soláthar comhpháirteach a dhéanamh freisin trí thionscadail ghaolmhara de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint.

6. Mairfidh an beart cúnaimh ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 30 Meitheamh 2028.

Airteagal 2

Socruithe airgeadais

1. EUR 100 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme. De mhaolú ar Airteagal 50 agus 50a de Leabhar 3 de Rialacha Cur Chun Feidhme SES, ní bheidh rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh ar oscailt ach d'oibreoirí eacnamaíocha dá dtagraítear in Airteagal 1(4) den Chinneadh seo a mhéid a bhaineann le trealamh míleata de thionscnamh na n-áiteanna dá dtagraítear san Airteagal sin.

3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh suas le EUR 67 000 000 tar éis ghlacadh an Chinnidh seo. Ní úsáidfear na cistí arna n-iarraidh ag an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh. D'fhéadfaí an beart cúnaimh sin a mhaoiniú trí ranníocaíochtaí breise ar mó iad ná 50 % den mhéid tagartha dá dtagraítear i mír 1.

4. Déanfar na conarthaí soláthair nó na horduithe soláthair a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a thabhairt i gcrích nó a dhéanamh ar an mbealach is tapúla is féidir. Beidh an caiteachas a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh incháilithe ó dháta glactha an Chinnidh seo agus go dtí an 31 Nollaig 2027. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus lena mbaineann imthosca eisceachtúla nó imthosca gan choinne, ar nós i gcás *force majeure*, déanfar na seachadtaí tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2028.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj).

Airteagal 3

Socruithe leis an tairbhí

1. Déanfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') na socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann sé na ceanglais agus na coinníollacha arna mbunú leis an gCinneadh seo, mar choinníoll chun tacaíocht a sholáthar faoin mbeart cúnaimh.

2. Áireofar ar na socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar an tairbhí an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go gcomhlíonfaidh aonaid de chuid Fhórsaí Armtha na hÚcráine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh an dlí idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

(b) go mbainfear úsáid chuí agus éifeachtúil as aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun na gcríoch dár soláthraíodh iad;

(c) go ndéanfar cothabháil leordhóthanach ar aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh chun a áirithiú go mbeidh siad inúsáidte agus go mbeidh siad ar fáil go hoibríochtúil i gcaitheamh a saolré;

(d) go leanfar de bhearta leordhóthanacha a chur chun feidhme chun atreorú féideartha sócmhainní arna soláthar faoin mbeart cúnaimh a chosc agus a chomhrac;

(e) nach gcaillfear aon sócmhainní a chuirfear ar fáil faoin mbeart cúnaimh, ná nach n-aistreofar iad chuig daoine nó eintitis, seachas na daoine agus na heintitis sin a shainítear sna socruithe sin, gan toiliú a fháil ón Ardionadaí roimh ré.

3. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a fhionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina bhfaighfear go bhfuil na hoibleagáidí a leagtar amach i mír 2 á sárú ag an tairbhí.

Airteagal 4

Cur chun feidhme

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509, agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme agus leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Féadfaidh siad seo a leanas na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme:

(a) Aireacht Chosanta Phoblacht na Seice;

(b) Aireacht Chosanta na Danmhairge;

(c) Aireacht Chosanta na Fraince;

(d) Aireacht Chosanta na Gearmáine;

(e) Aireacht Chosanta na hIodáile;

(f) Aireacht Chosanta nó Lárionad Stáit um Lóistíocht agus Soláthar Cosanta na Laitvia;

(g) Aireacht Chosanta na hÍsiltíre;

(h) Aireacht Chosanta, Aireacht Gnóthaí Baile agus Riaracháin nó Gníomhaireacht Chúltaca Straitéiseach Rialtais na Polainne;

(i) Aireacht Chosanta na Portaingéile;

(j) Aireacht Chosanta na Sualainne nó Riarachán Ábhar Cosanta na Sualainne.

Airteagal 5

Tacaíocht ó na Ballstáit

Ceadóidh na Ballstáit idirthuras an trealaimh mhíleata a shonraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo, lena n-áirítear pearsanra tionlacain, trína gcríocha, lena n-áirítear a n-aerspás, i gcomhréir le hAirteagal 56(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509.

Airteagal 6

Faireachán, rialú agus meastóireacht

1. Fairfidh an tArdionadaí go mbeidh na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3 á gcomhlíonadh ag an tairbhí. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3, agus rannchuideofar leis na sáruithe sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag aonaid d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Déanfar rialú an trealaimh tar éis a loingsithe a eagrú mar a leanas:

(a) fíorú ar a sheachadadh, trína bhfuil na fórsaí, arb iad na húsáideoirí deiridh iad, le deimhnithe seachadta SES a shíniú tráth a aistreofar úinéireacht;

(b) tuairisciú ar an bhfardal, trína bhfuil an tairbhí chun tuarascáil bhliantúil ar fhardal na n-earraí ainmnithe a thabhairt go dtí go measfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála nach dteastaíonn an tuairisciú sin a thuilleadh;

(c) cuairteanna ar an láthair, trína ndeonóidh an tairbhí rochtain don Ardionadaí agus do na hiniúchóirí SES chun seiceálacha ar an láthair agus iniúchtaí SES a dhéanamh, arna iarraidh sin.

3. Déanfaidh an tArdionadaí meastóireacht deiridh ar an mbeart cúnaimh a thabhairt chun críche chun a mheas ar rannchuidigh an beart cúnaimh leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2) a bhaint amach.

Airteagal 7

Tuairisciú

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, soláthróidh an tArdionadaí tuarascálacha gach 6 mhí don Choiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthraithe agus na fochonraitheoirí lena mbaineann a sholáthar.

Airteagal 8

Fionraí agus foirceannadh

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a chinneadh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an beart cúnaimh a fhoirceannadh.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE